



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 20 Feabhra 2024
(OR. en)

6815/24

Comhad Idirinstitiúideach:
2024/0041(NLE)

UD 30
CID 1
TRANS 105

TOGRA

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	20 Feabhra 2024
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2024) 71 final
Ábhar:	Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhchoiste AE-CTC arna bhunú leis an gCoinbhinsiún an 20 Bealtaine 1987 maidir le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach a mhéid a bhaineann le leasuithe ar an gCoinbhinsiún sin

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2024) 71 final.

Faoi iamh: COM(2024) 71 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 20.2.2024
COM(2024) 71 final

2024/0041 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhchoiste AE-CTC arna bhunú leis an gCoinbhinsiún an 20 Bealtaine 1987 maidir le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach a mhéid a bhaineann le leasuithe ar an gCoinbhinsiún sin

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhchoiste AE-CTC¹ um idirthuras coiteann ('an Comhchoiste') i dtaca le cinneadh a bheartaítear a ghlacadh agus lena leasaítear Foscríbhinn a ghabhann le Coinbhinsiún an 20 Bealtaine 1987 maidir le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach.

2. COMHTHÉACS AN TOGRA

2.1. An Coinbhinsiún

Tá sé d'aidhm ag Coinbhinsiún an 20 Bealtaine 1987 maidir le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach ('an Comhaontú') gluaiseacht earraí a éascú idir an tAontas Eorpach agus tíortha eile is Páirtithe Conarthacha sa Choinbhinsiún. Leathnaítear leis nós imeachta idirthurais custaim an Aontais² chun na Páirtithe Conarthacha sa Choinbhinsiún a chumhdach seachas an tAontas Eorpach agus leagtar síos ann na hoibleagáidí atá ar thrádálaithe agus údaráis chustaim maidir le hearraí a iompraítear faoin nós imeachta sin ó Pháirtí Conarthach amháin go Páirtí Conarthach eile. Tháinig an Comhaontú i bhfeidhm an 1 Eanáir 1988.

Is páirtí sa Chomhaontú é an tAontas Eorpach³. Is iad na Páirtithe Conarthacha eile Poblacht na hÍoslainne, Poblacht na Macadóine Thuaidh, Ríocht na hIorua, Poblacht na Seirbia, Cónaidhm na hEilvéise, an Ríocht Aontaithe, Poblacht na Tuirc agus an Úcráin. Tagraítear do na tíortha sin sa Choinbhinsiún mar thíortha comhchoiteanna idirthurais.

2.2. An Comhchoiste

Tá an Comhchoiste leis an gCoinbhinsiún a riar agus cur chun feidhme cuí an Choinbhinsiúin a áirithiú. Is trí bhíthin cinntí a ghlacann an Coiste leasuithe ar na Foscríbhinní a ghabhann leis an gCoinbhinsiún.

Glacann na Páirtithe Conarthacha cinntí an Chomhchoiste trí chomhaontú frithpháirteach⁴ mar a shonraítear le hAirteagal 14 (2) den Choinbhinsiún.

2.3. Gníomh beartaithe an Chomhchoiste

Tá an Comhchoiste, i gcomhréir le hAirteagail 15(3) agus 20 den Choinbhinsiún, le cinneadh a ghlacadh maidir le Foscríbhinn IIIA a ghabhann leis an gCoinbhinsiún a leasú ('an gníomh atá beartaithe').

Is é is cuspóir don ghníomh atá beartaithe an Coinbhinsiún a ailíniú le hIarscríbhinn B leasaithe a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún⁵ ('an Gníomh Tarmligthe') agus Iarscríbhinn B a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún⁶ ('an Gníomh Cur Chun Feidhme') lena leagtar síos na comhcheanglais eiliminte sonraí, na formáidí agus na cóid le haghaidh an dearbhaithe maidir le hidirthuras. Leasaíodh na gníomhartha sin i mí na

¹ Na tíortha comhchoiteanna idirthurais

² Airteagail 226 agus 227 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1)

³ IO L 226, 13.8.1987, lch. 2.

⁴ Ní dhearna aon Pháirtí Conarthach agóid.

⁵ Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún an 28 Iúil 2015 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha mionsonraithe maidir le forálacha áirithe de Chód Custaim an Aontais (IO L 343, 29.12.2015, lch. 1)

⁶ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme forálacha áirithe de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais ([IO L 343, 29.12.2015, lch. 558](#)).

Nollag 2020⁷ agus i mí Feabhra 2021⁸ faoi seach, chun idir-inoibritheacht a áirithiú idir na córais leictreonacha chustaim a úsáidtear le haghaidh na gcineálacha éagsúla dearbhuithe agus fógraí. Dá bhrí sin, Foscríbhinn IIIa a ghabhann leis an gCoinbhinsiún, foscríbhinn is macasamhail d'Iarscríbhinn B a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe agus d'Iarscríbhinn B a ghabhann leis an nGníomh Cur Chun Feidhme, ba cheart an Fhoscríbhinn sin a leasú dá réir.

Mar thoradh ar na hathruithe ar struchtúr Fhoscríbhinn IIIa a ghabhann leis an gCoinbhinsiún, is gá ceartúcháin a dhéanamh ar Fhoscríbhinn I maidir leis na tagairtí do ranna Foscríbhinn IIIa.

Beidh an gníomh atá beartaithe ina cheangal ar na páirtithe i gcomhréir lena reachtaíocht féin, i gcomhréir le hAirteagal 15 den Choinbhinsiún, lena bhforáiltear an méid seo a leanas: 'Beidh sé de fhreagracht ar an gComhchoiste an Coinbhinsiún seo a riar agus cur chun feidhme cuí an Choinbhinsiúin a áirithiú. Déanfaidh na Páirtithe Conarthacha cinntí a dhéanfar faoi phointí (a) go (d) a chur i bhfeidhm i gcomhréir lena reachtaíocht féin'.

3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Is é an seasamh atá beartaithe tacú le leasú ar Fhoscríbhinn IIIa agus a ghabhann leis an gCoinbhinsiún chun í a ailíniú le dlí an Aontais.

Dlí custaim an Aontais lena rialaítear socruithe idirthurais an Aontais agus, go háirithe Iarscríbhinn B leasaithe a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe agus leis an nGníomh Cur Chun Feidhme, lena leagtar síos na comhcheanglais eiliminte sonraí, na formáidí agus na cóid le haghaidh an dearbhaithe maidir le hidirthuras.

Tá an seasamh atá beartaithe comhsheasmhach leis an gcomhbheartas tráchtála.

Mar thoradh ar na leasuithe atá beartaithe ar an gCoinbhinsiún beidh tairbhí follasacha ann do thrádálaithe agus riaracháin chustaim araon tríd an Coinbhinsiún a ailíniú le reachtaíocht reatha an Aontais agus, dá bharr sin, cruthófar dálaí aonfhoirmeacha i gcomhair chur chun feidhme comhchuibhithe na bhforálacha a bhaineann le nós imeachta idirthurais an Aontais agus leis an nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach.

4. BUNÚS DLÍ

4.1. Bunús dlí don nós imeachta

4.1.1. Prionsabail

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), déantar foráil maidir le cinntí lena leagtar síos *'na seasaimh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú, nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlínfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe.'*

Áirítear ar na *'gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo'* gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht i gceist. Áirítear orthu freisin

⁷ Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/234 ón gCoimisiún an 7 Nollaig 2020 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 a mhéid a bhaineann le ceanglais choiteanna sonraí, agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/341 a mhéid a bhaineann leis na cóid atá le húsáid i bhfoirmeacha áirithe ([IO L 63, 23.2.2021, lch. 1](#))

⁸ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/235 ón gCoimisiún an 8 Feabhra 2021 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 maidir le formáidí agus cóid na gcomhcheanglas sonraí, rialacha áirithe i dtaca le faireachas agus leis an oifig inniúil custaim lena gcuirtear earraí faoi nós imeachta custaim ([IO L 63, 23.2.2021, lch. 386](#)).

ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach ‘a bhféadfadh tionchar cinntitheach a bheith acu ar ábhar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtas an Aontais’⁹.

4.1.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo

Is comhlacht é an Comhchoiste a cuireadh ar bun le comhaontú, mar atá an Coinbhinsiún maidir le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach. Le hAirteagal 15(3)(a) den Choinbhinsiún sonraítear go nglacfaidh Comhchoiste AE-CTC leasuithe ar na Foscúibhinní a ghabhann leis an gCoinbhinsiún trí bhíthin cinntí.

An gníomh a iarrtar ar an gComhchoiste a ghlacadh, is gníomh é a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leis. Beidh an gníomh atá beartaithe ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 15(3) agus Airteagal 20 den Choinbhinsiún.

Leis an ngníomh atá beartaithe ní fhorlíontar ná ní leasaítear creat institiúideach an Chomhaontaithe.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE an bunús dlí don nós imeachta maidir leis an gcinneadh atá beartaithe.

4.2. Bunús dlí substainteach

4.2.1. Prionsabail

An bunús dlí substainteach le haghaidh cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ábhar an ghnímh atá beartaithe agus a bhfuiltear ag glacadh seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má tá dhá aidhm ag an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó mar phríomh-chomhpháirt agus an ceann eile mar aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, mar atá an bunús dlí a éilítear de réir na príomhaidhme nó na príomh-chomhpháirte.

4.2.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo

Baineann príomhchuspóirí agus ábhar an ghnímh atá beartaithe le nósanna imeachta éifeachtúla um thrasnú teorainneacha a áirithiú. Baineann príomhchuspóir agus príomhábhar an ghnímh atá beartaithe leis an gcomhbheartas tráchtála.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 207 CFAE an bunús dlí substainteach don chinneadh atá beartaithe.

4.3. Conclúid

Ba cheart Airteagal 207 CFAE a bheith ina bhunús dlí don chinneadh atá beartaithe, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE.

5. FOILSIÚ AN GHNÍMH ATÁ BEARTAITHE

Ós rud é go leasófar an Coinbhinsiún agus an Foscúibhinn leis an ngníomh ón gComhchoiste, is iomchuí é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* tar éis a ghlactha.

⁹ Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhchoiste AE-CTC arna bhunú leis an gCoinbhinsiún an 20 Bealtaine 1987 maidir le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach a mhéid a bhaineann le leasuithe ar an gCoinbhinsiún sin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207 de, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) De bhun litir (a) d’Airteagal 15(3) de Choinbhinsiún an 20 Bealtaine 1987 maidir le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach¹⁰ [an Coinbhinsiún], tá an Comhchoiste a bunaíodh leis an gCoinbhinsiún sin chun leasuithe a ghlacadh, trí bhíthin cinnidh, ar na Foscríbhinní a ghabhann leis an gCoinbhinsiún.
- (2) Leasaíodh Iarscríbhinn B a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún (‘an GT’) i mí na Nollag 2020¹¹ agus i mí Feabhra 2021¹². Leagtar síos inti na ceanglais eilimintí sonraí le haghaidh an dearbhaithe maidir le hidirthuras chun na heilimintí coiteanna sonraí a chomhchuibhiú níos fearr le haghaidh faisnéis a stóráil agus a mhalartú idir údaráis chustaim agus idir údaráis chustaim agus oibreoirí eacnamaíocha. Bhí gá le comhchuibhiú cothrománach den sórt sin chun idir-inoibritheacht a áirithiú idir na córais leictreonacha chustaim a úsáidtear le haghaidh na gcineálacha éagsúla dearbhuithe agus fógraí. Macasamhail d’Iarscríbhinn B a ghabhann leis an GT is ea Iarscríbhinn A1a a ghabhann le Foscríbhinn IIIa agus, dá bhrí sin, ba cheart í a leasú dá réir.
- (3) Leasaíodh Iarscríbhinn B a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún (‘an GCCF’) i mí na Nollag 2020¹³ agus i mí Feabhra 2021¹⁴. Leagtar síos inti formáidí agus cóid na n-eilimintí coiteanna sonraí le haghaidh an dearbhaithe maidir le

¹⁰ [IO L 226, 13.8.1987, lch. 2.](#)

¹¹ Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/234 ón gCoimisiún an 7 Nollaig 2020 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 a mhéid a bhaineann le ceanglais choiteanna sonraí, agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/341 a mhéid a bhaineann leis na cóid atá le húsáid i bhfoirmeacha áirithe ([IO L 63, 23.2.2021, lch. 1](#))

¹² Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/235 ón gCoimisiún an 8 Feabhra 2021 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 maidir le formáidí agus cóid na gcomhcheanglas sonraí, rialacha áirithe i dtaca le faireachas agus leis an oifig inniúil custaim lena gcuirtear earraí faoi nós imeachta custaim ([IO L 63, 23.2.2021, lch. 386](#)).

¹³ Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/234 ón gCoimisiún an 7 Nollaig 2020 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 a mhéid a bhaineann le ceanglais choiteanna sonraí, agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/341 a mhéid a bhaineann leis na cóid atá le húsáid i bhfoirmeacha áirithe ([IO L 63, 23.2.2021, lch. 1](#))

¹⁴ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/235 ón gCoimisiún an 8 Feabhra 2021 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 maidir le formáidí agus cóid na gcomhcheanglas sonraí, rialacha áirithe i dtaca le faireachas agus leis an oifig inniúil custaim lena gcuirtear earraí faoi nós imeachta custaim ([IO L 63, 23.2.2021, lch. 386](#)).

hidirthuras, chun formáidí agus cóid na n-eilimintí coiteanna sonraí a chomhchuiibhiú níos fearr le haghaidh faisnéis a stóráil agus chun í a mhalartú idir údaráis chustaim, agus idir údaráis chustaim agus oibreoirí eacnamaíocha. Ba ghá comhchuiibhiú a dhéanamh ar fhormáidí agus ar chóid na n-eilimintí coiteanna sonraí chun a áirithiú, maidir leis na córais chustaim leictreonacha a úsáidtear le haghaidh cineálacha éagsúla dearbhuithe agus fógraí, go mbíonn siad idir-inoibritheach nuair a dhéantar na comhcheanglais sonraí a chomhchuiibhiú. Macasamhail d'Iarscríbhinn B den GCCF is ea Iarscríbhinn A1a a ghabhann le Foscríbhinn IIIa agus, dá bhrí sin, ba cheart í a leasú dá réir.

- (4) In éineacht le digitiú na nósanna imeachta idirthurais mar a léirítear i bhFoscríbhinn IIIA agus chun aghaidh níos fearr a thabhairt ar na riachtanais eacnamaíocha atá i réim, ba cheart a cheadú don duine a thíolacfaidh na hearraí ag an oifig custaim imeachta, dála shealbhóir an nós imeachta, a iarraidh ar an oifig custaim imeachta doiciméad tionlacain idirthurais nó doiciméad tionlacain idirthurais/slándála a sholáthar dó.
- (5) Ar na cúiseanna céanna a leagtar amach thuas agus chun cur chuige éascaithe ach comhchuiibhithe a áirithiú ar fud an Aontais agus sna tíortha comhchoiteanna idirthurais, ba cheart trasloingsithe coimeádán agus aonad iompair idirmhódúil comhchosúil a tharscaoileadh, faoi choinníollacha áirithe, ó liosta na dteagmhas a éilíonn idirghabháil chustaim.
- (6) Déanfar gluaiseacht na n-earraí faoin nós imeachta idirthurais a shimpliú tríd an oibleagáid atá ar na húdaráis chustaim doiciméad tionlacain idirthurais/slándála a phriontáil a bhaint tráth imeachta a luaith a dhéanfar an córas idirthurais ríomhairithe nua a uasghrádú go leagan 5. Ní gá an doiciméad tionlacain idirthurais/slándála a phriontáil ansin ach amháin arna iarraidh sin do shealbhóir an nós imeachta. Ag an oifig custaim idirthurais agus ag an oifig custaim chinn scríbe, féadtar uimhir thagartha gluaiseachta a thaispeáint ar mhodh eile seachas ar pháipéar.
- (7) Ós rud é nach gcuirtear an nós imeachta leanúnachais gnó i bhfeidhm ach go hannamh, is úsáideach a shonrú nach gá do na húdaráis chustaim na deimhnithe ráthaíochta cuimsitheacha is gá nó na deimhnithe tarscaoilte ráthaíochta a eisiúint ach amháin arna iarraidh sin do shealbhóir an nós imeachta.
- (8) Is gá earráid chló atá in Airteagal 111a (1) den Choinbhinsiún a cheartú.
- (9) Dá bhrí sin, ba cheart an Coinbhinsiún a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún mar a leagtar amach in Iarscríbhinn A a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Leasaítear Foscríbhinn IIIa a ghabhann leis an gCoinbhinsiún mar a leagtar amach in Iarscríbhinn B a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Is chuig an gCoimisiún a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*